Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10732 – EQT / BPEA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 226/06)

1. An 2 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— EQT AB ("EQT", an tSualainn),

— Baring Private Equity Asia Group Limited ("BPEA", Hong Cong agus Singeapór).

Gheobhaidh EQT rialú ar BPEA ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is eagraíocht infheistíochta dhomhanda atá dírithe ar straitéisí úinéireachta gníomhaí é EQT. Faoi láthair, tá EUR 73.4 billiún ag EQT i sócmhainní faoi bhainistíocht in 28 gciste ghníomhacha laistigh de dhá dheighleog gnólachta – Caipiteal Príobháideach agus Sócmhainn Réadach. Tá cuideachtaí punainne chistí EQT gníomhach i réimse tionscal agus earnálacha, amhail tomhaltóirí; earraí tomhaltóra; fuinneamh agus comhshaol; teicneolaíocht airgeadais; cúram sláinte; teicneolaíocht tionsclaíochta; árachas; réadmhaoin; seirbhísí; sóisialta; teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid; agus iompar agus lóistíocht,

— Is gnólacht margaí príobháideacha uile-Áiseach é BPEA. Bainistíonn BPEA clár infheistíochta cothromais phríobháidigh, clár a dhéanann urraíocht ar cheannaigh thar barr amach agus a sholáthraíonn caipiteal fáis do chuideachtaí le haghaidh leathnaithe nó éadálacha agus béim ar leith á cur ar réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, chomh maith le cistí tiomnaithe atá dírithe ar réadmhaoin phríobháideach agus creidmheas príobháideach. Cuireann BPEA comhairle ar chistí cothromais phríobháidigh atá gníomhach i roinnt margaí éagsúla, lena n-áirítear in earnálacha oideachais, seirbhísí gnó, monaraíochta, lóistíochta, cúraim sláinte agus tomhaltóirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10732 – EQT / BPEA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË